# An Chomhairle Ealaíon
# Dámhachtain Taistil agus Oiliúna 2013

# Treoirlínte na Dámhachtana

# Cuid 1 - Faisnéis faoin dámhachtain

| | |
|---|---|
| **Ainm na dámhachtana** | An Dámhachtain Taistil agus Oiliúna |
| **Spriocdháta** | Níl aon spriocdhátaí foirmiúla ann don Dámhachtain Taistil agus Oiliúna. Glactar le hiarratais ar bhonn leanúnach.<br><br>Ní mór d'iarratasóirí atá ag lorg tacaíochta le haghaidh cúrsaí foirmiúla (iarchéim nó cúrsa eile ar chomhchéim leis) agus le haghaidh deiseanna incháilithe eile a gcuid iarratais a chur isteach sé seachtaine ar a laghad roimh thús a gcúrsa nó a gcláir oibre. Cuirtear in iúl duit nach féidir leis an gComhairle Ealaíon ráthaíocht a thabhairt iarratais a fhaightear níos lú ná sé seachtaine roimh thús cúrsa nó cláir oibre a mheas. |
| **Foirmeacha ealaíne / cleachtais ealaíon atá incháilithe** | Ailtireacht, Rannpháirtíocht sna hEalaíona, Pointe Teagmhála Cultúrtha Idirnáisiúnta, Damhsa, Scannáin, Litríocht, Sráidealaín agus Seónna, na hEalaíona Traidisiúnta, Ionaid, na Físealaíona, agus Daoine Óga, Leanaí agus Oideachas. |
| **Cuspóir agus tosaíochtaí na dámhachtana** | Tá trí shraith sa dámhachtain seo. Is é an phríomhshraith ná Taisteal agus Oiliúint Amach, agus is dó seo atá an chuid is mó den mhaoiniú ar fáil; is é an dara sraith ná Taisteal agus Oiliúint Isteach, is é an tríú sraith ná Dámhachtain an Phointe Teagmhála Cultúrtha Idirnáisiúnta mar a leagtar síos thíos.<br><br><u>Taisteal agus Oiliúint Amach</u><br>Is é príomhchuspóir na Dámhachtana Taistil agus Oiliúna Amach ná tacú le daoine aonair ar mian leo leas a bhaint as oiliúint agus deiseanna forbartha gairmiúla eile thar lear, ina leagtar béim ar chleachtas ealaíon an duine féin a fhorbairt.<br><br>Déanfaidh an Dámhachtain Taistil agus Oiliúna Amach rannpháirtíocht i ndeiseanna oiliúna aonuaire, i gcúrsaí nó i máistir-ranganna speisialta a éascú. Ní thacóidh an dámhachtain le hoiliúint fhoirmiúil iarchéime **ach amháin** sa chás ina dtaispeántar go soiléir go bhfuil an cúrsa nó an deis a roghnaíodh de chineál agus/nó ar leibhéal nach bhfuil ar fáil in Éirinn (d'fhéadfadh éagsúlachtaí idir na foirmeacha ealaíne a bheith i gceist; ní mór d'iarratasóirí fianaise a thabhairt gurb amhlaidh an cás.<br><br>I measc na samplaí eile de dheiseanna forbartha gairmiúla incháilithe tá; tionscadail taighde ghearrthéarmacha; scéimeanna cónaitheacha; rannpháirtíocht i gceardlanna; intéirneachtaí (seachas sna físealaíona); cláir mheantóireachta; freastal ar chomhdhálacha/sheimineáir.<br><br><u>Taisteal agus Oiliúint Isteach</u><br>Is é an príomhchuspóir atá le Taisteal agus Oiliúint Isteach ná tacaíocht a thabhairt do dhaoine aonair nó d'eagraíochtaí ar mian leo cuireadh a thabhairt do shaineolaithe ó thar lear oiliúint nó meantóireacht ar leibhéal ard a chur ar fáil i gcomhair forbairt ghairmiúil ealaíontóirí agus daoine eile atá ag obair go gairmiúil sna healaíona in Éirinn. Sa chás inar mian le duine aonair nó le heagraíocht saineolaithe dá leithéid a thabhairt isteach ó thar |

lear, is féidir leis an duine nó an eagraíocht iarratas a dhéanamh chun costas taistil agus lóistín an aoi (na n-aíonna) idirnáisiúnta a íoc. Íocfar na costais sin tar éis na cuairte, tar éis don duine nó don eagraíocht admhálacha a chur ar fáil. Ní mór d'iarratasóirí ainm an aoi a lua agus sonraí maidir leis an oiliúint nó an mheantóireacht atá le cur ar fáil a sholáthar.

Dámhachtain an Phointe Teagmhála Cultúrtha Idirnáisiúnta
Ní thacaíonn Dámhachtain an **Phointe Teagmhála Cultúrtha Idirnáisiúnta** ach amháin le hiarratais ó eagraíochtaí ealaíon a bhfuil sé ar intinn acu iarratais a dhéanamh ar mhaoiniú an AE don chultúr faoi Chlár Cultúir an AE 2007-13, nó faoin gclár An Eoraip Chruthaitheach 2014-2020 atá ag teacht chun cinn. Tá sé i gceist go gclúdódh an dámhachtain cuid de na costais a bhaineann le cruinnithe pearsanta le heagraíochtaí comhpháirtíochta san Eoraip, agus ní thabharfar tacaíocht maidir le costais cúrsaí ná le costais oiliúna. Ní mór d'iarratasóirí a bheith ábalta a léiriú go bhfuil iarratas ar Chlár Cultúir an AE á fhorbairt agus á réiteach acu i láthair na huaire, agus ní mór dóibh a bheith ábalta sonraí a thabhairt maidir leis an tionscadal atá beartaithe acu agus maidir lena gcomhpháirtithe príomhúla. Beidh ar iarratasóirí a léiriú cad é an leibhéal rannpháirtíochta atá acu leis na comhpháirtithe beartaithe faoi láthair. Is dócha nach rachaidh maoiniú a bheidh á thairiscint faoin bPointe Teagmhála Cultúrtha Idirnáisiúnta os cionn €2,000 agus i bhformhór na gcásanna is níos ísle a bheidh sé. Tabharfar tús áite d'iarratais ina léireofar go bhfuil an eagraíocht tiomanta don tionscadal. Tacaíonn Dámhachtain an Phointe Teagmhála Cultúrtha Idirnáisiúnta le hiarratais ó gach foirm ealaíne agus ó gach cleachtas ealaíon. Mar sin féin, ós rud é nach dtacaítear le tionscadail chlosamhairc faoi chlár cultúir an AE, **níl** scannáin incháilithe chun tacaíocht a fháil faoi Dhámhachtain an Phointe Teagmhála Cultúrtha Idirnáisiúnta.

| | |
|---|---|
| **Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?** | Tá an Dámhachtain Taistil agus Oiliúna Amach oscailte d'ealaíontóirí agus do dhaoine aonair eile a bhfuil cónaí orthu in Éirinn agus a oibríonn go gairmiúil sna healaíona. Tá an Dámhachtain Taistil agus Oiliúna Isteach oscailte do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí ealaíon.<br><br>Ní thacaíonn an Pointe Teagmhála Cultúrtha Idirnáisiúnta ach le hiarratais ó eagraíochtaí ealaíon a bhfuil sé ar intinn acu iarratais a dhéanamh ar mhaoiniú cultúir ón AE faoi Chlár Cultúir an AE 2007-2013 nó faoin gclár nua, An Eoraip Chruthaitheach 2014-2020. |
| **Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh?** | Daoine aonair atá i mbun oideachais fochéime nó gairmoiliúna. |
| **Céard ar féidir leat cur isteach air** | Cuimsíonn costais incháilithe costais a bhaineann le taisteal, lóistín, cothú, táillí cúrsa, táillí comhdhála, srl. Is é an dámhachtain is airde atá ar fáil ná €8,000. Is scéim an-iomaíoch í seo, áfach, agus ní dhéanfar ach líon teoranta dámhachtainí a thairiscint ar an leibhéal seo agus déanfar an chuid is mó de na dámhachtainí ar leibhéal atá cuid mhaith níos ísle. Féach na treoirlínte thíos maidir le foirmeacha ealaíne agus cleachtais ealaíon, os rud é go bhfuil uastairseacha maoinithe níos ísle socraithe ag go leor acu *Tabhair faoi deara: ba é an meán-dámhachtain in 2012 ná €950.*<br><br>Nuair a dhéantar maoiniú a thairiscint d'fhéadfadh sé nach gclúdóidh sé ach cuid de na costais i roinnt cásanna. Ba chóir aon ranníocaíocht atá á déanamh ag an iarratasóir i leith |

an chaiteachais atá beartaithe a shonrú go soiléir i gcuid an bhuiséid san fhoirm iarratais.

Cé gur féidir le duine Dámhachtain Taistil agus Oiliúna a fháil do bhliain amháin de chúrsa atá ar siúl ar feadh roinnt blianta, ba chóir a thabhairt faoi deara nach bhfuil aon chinnteacht ann go gcuirfidh an Chomhairle Ealaíon tacaíocht ar fáil i gcomhair blianta eile.

Breathnóidh an Chomhairle ar chostais bhreise má bhaineann siad go sainiúil le saothar ealaíne atá déanta ag ealaíontóirí faoi mhíchumas. Más mian leat cur isteach ar mhaoiniú breise ar an mbonn seo, ba cheart duit faisnéis a chur ar fáil le d'iarratas ag sonrú na gcostas breise sin.

| | |
|---|---|
| **Céard nach féidir leat cur isteach air** | Ní mheasfar go bhfuil na nithe seo a leanas incháilithe faoin dámhachtain seo:<br>• Iarratais a mbeadh an toradh céanna orthu is a bheadh ar mhaoiniú eile de chuid na Comhairle Ealaíon nó atá níos oiriúnaí do scéimeanna maoinithe eile de chuid na Comhairle Ealaíon;<br>• Iarratais a mbeadh an toradh céanna orthu is a bheadh ar mhaoiniú eile de chuid an Stáit nó atá níos oiriúnaí do mhaoiniú Stáit eile (Cultúr Éireann, Screen Training Ireland, srl);<br>• Bunoideachas agus meánoideachas;<br>• Cúrsaí fochéime agus cúrsaí gairmoideachais;<br>• Scoláirí atá ag úsáid na dámhachtana chun taisteal chuig a gcuid staidéir thar lear agus uathu;<br>• Oiliúint agus forbairt ghairmiúil in Éirinn;<br>• Taisteal thar lear nuair is é an príomhchuspóir saothar a chur chun cinn nó a chur i láthair, m.sh. taispeáint, láithriú, taibhiú nó rannpháirtíocht i léirithe/imeachtaí ealaíon. Tabhair faoi deara go bhfuil léiriú scannáin, reacaireacht litríochta srl. san áireamh anseo. Téigh i dteagmháil le Cultúr Éireann chun tacaíocht den chineál seo a fháil.<br>• Páipéir a thabhairt ag comhdhálacha nó seimineáir (seachas i gcás ailtireachta);<br>• Socrúcháin le gnóthais tráchtála a bhíonn ag plé leis na healaíona nó le gnóthais eile;<br>• Cúrsaí ealaíon neamhghairmiúla;<br>• Costais a thabhaítear in Éirinn le linn an taistil thar lear (m.sh. cíos, caillteanas ioncaim);<br>• Camchuairteanna agus grúpaí ar camchuairt;<br>• freastal ar agallaimh i gcomhair fostaíochta;<br>• Turais tráchtála;<br>• Ag freastal ar éisteachtaí;<br>• Turais tiomsaithe airgid;<br>• Iarratais siarghabhálacha. |
| **Ábhar tacaíochta riachtanach** | Le bheith incháilithe le haghaidh measúnaithe faoin dámhachtain seo ní mór duit an t-ábhar tacaíochta seo a leanas a chur isteach in éineacht le d'fhoirm iarratais:<br>• CV reatha gach duine a bhfuil baint acu leis an iarratas (lena n-áirítear nuair is cuí CV an duine nó próifílí na heagraíochta a bhfuil sé ar intinn agat nó agaibh cuairt a thabhairt uirthi) |

- ábhar tacaíochta ábhartha (mar shampla samplaí saothair, comhaid fuaime,
- sonraí maidir leis an gcónaitheacht, leis an gceardlann, leis an gcomhdháil, leis an gcúrsa srl; litir glactha; litreacha ó mholtóirí)
- I gcás an Phointe Teagmhála Cultúrtha Idirnáisiúnta, caithfear próifíl cuideachta gach eagraíochta atá ainmnithe a thabhairt.

Mura gcuireann tú go leor ábhar tacaíochta ábhartha isteach, measfar d'iarratas a bheith neamh-incháilithe agus ní bheidh an Chomhairle Ealaíon ábalta é a mheasúnú.

**Ról Cultúr Éireann**

Níl Dámhachtain Taistil agus Oiliúna na Comhairle Ealaíon deartha chun tacú le healaíona na hÉireann a chur i láthair thar lear. Sa chás inar mian le healaíontóir nó le heagraíocht ealaíon Éireannach a saothar a chur os comhair lucht féachana idirnáisiúnta nó páirt a ghlacadh in imeachtaí thar lear a chruthóidh tuilleadh deiseanna chun a saothar a chur i láthair thar lear, ba chóir dóibh dul i dteagmháil le Cultúr Éireann, an comhlacht Stáit a chuireann ealaíona na hÉireann chun cinn ar fud an domhain.

Is é Cultúr Éireann atá i mbun *See Here*, scéim a thugann tacaíocht d'ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon Éireannacha ar mian leo cuireadh a thabhairt do chláraitheoirí, láithreoirí, coimeádaithe, tionscnóirí nó léirmheastóirí idirnáisiúnta chun saothar nua Éireannach a fheiceáil (go hiondúil áit a bhfuil réimse saothair á chur i láthair, m.sh. ag féile) d'fhonn é a chur i láthair go hidirnáisiúnta níos déanaí.

Bíonn an Chomhairle Ealaíon agus Cultúr Éireann i dteagmháil le chéile maidir le cúrsaí ina bhfuil suim ag an dá chomhlacht chun a chinntiú go n-úsáidtear acmhainní go héifeachtach, agus ní gnách dóibh araon maoiniú a thabhairt do thionscadal nó d'imeacht amháin seachas más comhfhiontar atá ann. Is faoin iarratasóir atá sé príomhchuspóir an tionscadail a aithint agus iarratas a dhéanamh chuig an ngníomhaireacht chuí: an Chomhairle Ealaíon i gcomhair forbairt ghairmiúil agus Cultúr Éireann chun saothair a chur i láthair agus a chur chun cinn. Féach thíos le haghaidh sonraí teagmhála Cultúr Éireann:

Cultúr Éireann
An Tríú Urlár, 23 Sráid Chill Dara
Baile Átha Cliath 2
Teil: 01 631 3905 / Ríomhphost: info@cultureireland.gov.ie
Gréasán: http://www.cultureireland.gov.ie

**Treoirlínte/Tosaíochtaí maidir le Foirmeacha Ealaíne/Cleachtais Ealaíon**

Seo a leanas cur síos ar na critéir nó na tosaíochtaí maidir le foirmeacha ealaíne nó le cleachtais ealaíon ar leith laistigh den dámhachtain taistil agus oiliúna.

Maidir leis an **ailtireacht**, tabharfaimid tús áite d'iarratasóirí ar mian leo freastal ar sheimineáir, ar chomhdhálacha nó ar chúrsaí aitheanta a chuirfidh lena bhforbairt chruthaitheach. Is féidir le hailtirí cur isteach ar mhaoiniú chun freastal ar chomhdháil agus chun páipéar a chur i láthair más féidir a chruthú go soiléir go bhfuil an cur i láthair ag an gcomhdháil sin an-ábhartha dá bhforbairt chruthaitheach. Is é an dámhachtain is airde atá ar fáil faoin ailtireacht ná €3,000.

Maidir le **rannpháirtíocht sna healaíona**, ní mheasfaimid ach iarratais ó ealaíontóirí aonair ar mian leo deiseanna thar lear a thapú (trí thaisteal lasmuigh d'Éirinn nó trí shaineolas ó lasmuigh d'Éirinn a thabhairt isteach sa tír) a chuirfidh feabhas ar a gcleachtas i réimsí amhail an tsláinte, míchumas, an éagsúlacht chultúrtha, daoine breacaosta agus pobail áite nó suime. I measc na bpríomhrudaí a dtabharfar aghaidh orthu agus iarratas á mheasúnú beidh cuntas teiste an iarratasóra maidir le hobair go comhpháirteach le grúpaí agus le pobail i saothrú agus i léirmhíniú na healaíne, agus léiriú soiléir ar an gcaoi a gcuirfidh an turas feabhas ar a gcleachtas, ag cur san áireamh chuntas teiste an duine/na heagraíochta a dtabharfaidh siad cuairt air nó uirthi.

I réimse na n-ealaíon agus na sláinte, tabhair faoi deara go dtacaíonn an Chomhairle Ealaíon le cleachtais ina dtugtar tús áite do thorthaí ealaíonta mar bhealach chun cur leis an tsláinte agus leis an bhfolláine, seachas do na cleachtais siúd ina bhfuil teiripe mar phríomhaidhm nó mar thoradh. Sa chás ina bhfuil cleachtas ealaíontóra dírithe ar leanaí agus/nó ar dhaoine óga, moltar dó/di féachaint ar na tacaíochtaí sonracha a chuirtear ar fáil faoi *Dhaoine Óga, Leanaí agus Oideachas,* mura bhfuiltear ag díriú an méid céanna ar a laghad ar chleachtas ó ghlúin go glúin, ar na healaíona agus an tsláinte, ar na healaíona agus míchumas, nó ar na healaíona agus an éagsúlacht chultúrtha. Is é €2,000 an dámhachtain is airde atá ar fáil faoi rannpháirtíocht sna healaíona.

Maidir le **sorcas**, tabharfaimid tús áite d'iarratais ó ealaíontóirí sorcais atá ag cleachtadh agus gur mian leo a bhforbairt ghairmiúil a chur chun cinn trí thabhairt faoi oiliúint a chuirfidh lena gcleachtas ealaíon agus a rachaidh go díreach chun tairbhe earnáil sorcais na hÉireann. Gné thábhachtach den phróiseas measúnaithe is ea cuntas teiste an iarratasóra nó an cumas atá ann nó inti cur le scileanna an tsorcais in Éirinn amach anseo. Is é €1,000 an dámhachtain is airde atá ar fáil maidir le sorcas.

Maidir le **scannáin**, ní thabharfaidh an dámhachtain tacaíocht ach amháin d'iarratais ó dhaoine aonair atá páirteach i bhforbairt lucht féachana don chineama cultúrtha. Ní mór bonn straitéiseach a bheith ag iarratais. Ní bhreathnófar ar iarratais chun tacú leis an ngnó déanta scannán (freastal ar mhargaí scannánaíochta srl.). Ba chóir iarratais chun scannáin a chur ar scáileán ag féilte thar lear a sheoladh chuig Cultúr Éireann. Is é €1,500 an dámhachtain is airde atá ar fáil faoi scannán.

Maidir leis an **litríocht**, tabharfaimid tús áite d'iarratais ó scríbhneoirí gairmiúla agus ó fhoilsitheoirí liteartha ar mian leo freastal ar chúrsaí nó ar scéimeanna cónaitheacha nó ar chomhdhálacha aitheanta thar lear, ar léir go gcuirfidh siad lena bhforbairt chruthaitheach (ní chuirfear tacaíocht ar fáil ach amháin do chúrsaí, do scéimeanna cónaitheacha nó do chomhdhálacha nach bhfuil a gcoibhéis le fáil in Éirinn); glacfar le tograí freisin ó scríbhneoirí gur mian leo taisteal chun taighde a dhéanamh ar thionscadal liteartha. I gcás na Litríochta, is í an dámhachtain is airde atá ar fáil ná €1,500, agus is é €600 an mheándámhachtain. Ba cheart iarratais a bhaineann le reacaireacht thar lear agus le freastal ar mhargaí leabhar an tionscail a sheoladh chuig Cultúr Éireann.

.

Maidir leis an **gceol**, tabharfaimid tús áite d'iarratais ó thaibheoirí agus ó chumadóirí

gairmiúla ar mian leo leas a bhaint as oiliúint agus forbairt ghairmiúil ardleibhéil thar lear. Ní thugtar tacaíocht do ghníomhaíochtaí acadúla ach amháin má bhaineann siad go sainiúil le cleachtas ealaíon gairmiúil a fhorbairt. Tá sé ríthábhachtach na comhaid fuaime a sholáthar. Is é €3,000 an dámhachtain is airde atá ar fáil faoi Cheol.

Maidir leis an **gceoldrámaíocht**, tabharfaimid tús áite d'iarratais ó amhránaithe agus ó chleachtóirí ceoldrámaíochta eile (mar shampla repetiteurs, stiúrthóirí) ar mian leo leas a bhaint as oiliúint agus forbairt ghairmiúil ardleibhéil thar lear. Tabharfar tús áite d'iarratais a bhaineann le stiúideonna ceoldrámaíochta idirnáisiúnta. Ní thugtar tacaíocht do ghníomhaíochtaí acadúla ach amháin má bhaineann siad go sainiúil le cleachtas ealaíon gairmiúil a fhorbairt. Cuirfidh sé le togra má chuirtear isteach comhaid fuaime de shaothar más infheidhme. Is é €3,000 an dámhachtain is airde atá ar fáil faoi Cheoldrámaíocht.

Maidir le **sráidealaíona agus seónna**, tabharfaimid tús áite d'iarratasóirí ar mian leo freastal ar chomhdhálacha nó ar chúrsaí aitheanta a chuirfidh lena bhforbairt ghairmiúil. Ní bhreathnófar ar iarratais a bhfuil gné taibhithe iontu agus ba chóir iad seo a sheoladh chuig Cultúr Éireann.

Maidir leis **na healaíona traidisiúnta**, tabharfaimid tús áite d'iarratasóirí ar mian leo freastal ar chomhdhálacha nó ar chúrsaí aitheanta a chuirfidh lena bhforbairt gairmiúil. Ní bhreathnófar ar iarratais a bhfuil gné taibhithe iontu agus ba chóir iad seo a sheoladh chuig Cultúr Éireann.

Faoi ionaid tionóil tabharfaimid tús áite d'iarratais ar dhámhachtainí isteach a chabhróidh le hionaid a saineolas clársceidealaithe, margaíochta agus/nó riaracháin a fhorbairt agus ar dhámhachtainí amach a chuirfidh ar chumas na n-ionad caidreamh a chruthú thar lear d'fhonn a saineolas clársceidealaithe, margaíochta agus/nó riaracháin a fhorbairt.

Maidir leis na **físealaíona**, tabharfaimid tús áite do dhaoine aonair a bhfuil cuntas teiste cruthaithe agus cleachtas neamhspleách acu atá tar éis rogha a dhéanamh oiliúint struchtúrtha a fháil chun feabhas a chur ar a bhforbairt ghairmiúil agus do dhaoine aonair a bhfuil cuspóir soiléir acu chun cónaitheacht ar leith a roghnú maidir le ham struchtúrtha nó neamhstruchtúrtha, rochtain ar áiseanna nó acmhainní taighde. Is i gcúinsí eisceachtúla amháin a mbreithneofar iarratais maidir le staidéir iarchéime. Is é €3,000 an dámhachtain is airde atá ar fáil maidir leis na físealaíona.

Maidir le cleachtas ealaíon a bhaineann le **daoine óga, leanaí agus oideachas**, tabharfaimid tús áite d'ealaíontóirí agus do chleachtóirí a bhfuil taithí acu i réimsí na n-ealaíon luath-óige, na n-ealaíon don óige nó na n-ealaíon sna scoileanna ar mian leo deiseanna thar lear a thapú a chuirfidh lena gcuid saothar leanúnach agus a mbeidh buntáiste ann do thionscadail le leanaí agus le daoine óga in Éirinn. Is é €2,000 an dámhachtain is airde atá ar fáil maidir le daoine óga, leanaí agus oideachas.

**Critéir chun** Déantar measúnú ar gach iarratas incháilithe de réir na 3 chritéar seo a leanas:

**iarratais a mheasúnú**

- Fiúntas ealaíne
- Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana a chomhlíonadh
- Indéantacht

Is féidir leat tuilleadh faisnéise a fháil ar na critéir seo go léir i g**Cuid 3 – Measúnú agus Próiseáil**.

# Cuid 2 – D'iarratas a dhéanamh ar líne

**Suíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne**

**Ní mór gach iarratas a sheoladh isteach ar shuíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne de chuid na Comhairle Ealaíon https://onlineservices.artscouncil.ie**

**Ní mór foirmeacha iarratais a sheoladh isteach ar líne trí shuíomh Gréasáin seirbhísí ar líne na Comhairle Ealaíon. Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais a chuirtear isteach trí ríomhphost/tríd an bpost/ar facs.**

**Ní mór ábhar tacaíochta a chur isteach ar líne**

Tugtar faoi deara, le do thoil:

- Ba cheart duit cur amach a bheith agat ar shuíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne tamall maith roimh an spriocdháta agus roimh duit iarratas a ullmhú. Is dócha go mbeidh an-chuid cuairteoirí ar an suíomh an tráthnóna deireanach ar an spriocdháta. Ba cheart duit d'iarratas a ullmhú agus a chur isteach tamall maith roimh an spriocdháta.
- Bíonn an t-am uaslódála i bhfad níos faide ná an t-am íoslódála. D'fhéadfadh sé go dtógfadh sé níos faide ná mar a cheapann tú d'ábhar tacaíochta a uaslódáil.
- Is iondúil go bhfaigheann an Chomhairle Ealaíon líon mór fiosruithe agus glaonna teileafóin ar an spriocdháta maoinithe agus mar sin d'fhéadfadh sé a bheith deacair teagmháil a dhéanamh linn má bhíonn aon cheist agat ag an nóiméad deireanach.

Má bhíonn aon deacrachtaí teicniúla agat am ar bith agus iarratas ar líne á dhéanamh

| | |
|---|---|
| | agat is féidir leat dul i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon chun cabhair a fháil trí ríomhtheachtaireacht a sheoladh chuig onlineservices@artscouncil.ie. |
| **Léigh Treoirlínte na Dámhachtana** | Sula ndéanann tú iarratas ní mór duit Treoirlínte na Dámhachtana a léamh ina n-iomláine. |
| **Socraigh cé hé/hí an t-iarratasóir** | Sula ndéanfaidh tú iarratas ní mór duit a chinneadh cé hé/hí an t-iarratasóir. Is é an t-iarratasóir an duine nó an eagraíocht a gheobhaidh aon dámhachtain a thairgfear agus a bheidh freagrach as téarmaí agus coinníollacha na dámhachtana sin. Tabhair faoi deara le do thoil, nach n-íocfar aon dámhachtain a thairgfear ach isteach i gcuntas bainc atá á shealbhú in ainm an iarratasóra. |
| **Ag clárú i gcomhair cuntas seirbhísí ar líne** | Caithfidh tú cuntas seirbhísí ar líne a bheith agat chun iarratas a dhéanamh ar líne.<br><br>Más rud é go ndearna tú iarratas ar mhaoiniú tar éis mhí Aibreáin 2010 agus go bhfuil tú ag déanamh iarratais san ainm céanna, beidh cuntas seirbhísí ar líne agat, agus gheobhaidh tú rochtain air le do ARN agus le do phasfhocal. Má tá dearmad déanta agat ar do phasfhocal, féadfaidh tú é a athshocrú tríd an nasc ar leathanach baile na seirbhísí ar líne agus ní bheidh ort a dhéanamh ach do ARN a chur isteach agus an seoladh ríomhphoist a bhaineann leis an gcuntas.<br><br>Mura ndearna tú iarratas ar líne le 2 bhliain anuas NÓ má tá tú ag déanamh iarratais thar ceann grúpa/eagraíochta nach ndearna iarratas ar líne roimhe seo, caithfidh tú **clárú** chun cuntas seirbhísí ar líne a fháil.<br><br>**D'fhéadfadh sé suas le 5 lá oibre a thógáil sula ndéanfar do chlárúchán a dhearbhú, mar sin tá sé an-tábhachtach go gclárófá chomh luath agus is féidir.**<br><br>Má tharlaíonn sé ar chúiseanna eisceachtúla nach féidir leat an t-idirlíon ná suíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne de chuid na Comhairle Ealaíon a úsáid nó má tá riachtanais speisialta rochtana agat, breathnóidh an Chomhairle Ealaíon ar chead a thabhairt duit d'iarratas a sheoladh isteach i gcruachóip. I gcás dá leithéid ní mór duit teagmháil a dhéanamh leis an gComhairle Ealaíon **ar a laghad 2 sheachtain roimh an spriocdháta.** |
| **Riachtanais maidir leis na seirbhísí ar líne a úsáid** | Caithfidh do ríomhaire agus an brabhsálaí idirlín na riachtanais seo a leanas a chomhlíonadh ionas go n-oibreoidh na seirbhísí ar líne duit:<br>**PC:**<br>Windows XP nó níos déanaí<br>le<br>Internet Explorer 7.0 nó níos déanaí NÓ<br>Firefox 2.0 nó níos déanaí<br>**Mac:**<br>Mac - Mac OS X v10.5 Leopard nó níos déanaí<br>le<br>Safari 3.1 nó níos déanaí NÓ<br>Firefox 2.0 nó níos déanaí<br><br>NB: Caithfidh tú freisin Microsoft Word nó OpenOffice a bheith agat ar do ríomhaire chun an fhoirm iarratais féin a chomhlánú. Is bogearra saor in aisce é OpenOffice agus is féidir é a íoslódáil anseo: http://www.openoffice.org. |

| | |
|---|---|
| | Mura féidir leat aon cheann de na riachtanais sin a chomhlíonadh nó mura dtuigeann tú iad, téigh i dteagmháil linn le comhairle a fháil chomh luath agus is féidir leat roimh an spriocdháta. |
| **Iarratas a dhéanamh ar líne** | Seo a leanas an próiseas chun iarratas a dhéanamh ar líne:<br>1. Mura bhfuil sé déanta agat cheana féin; cláraigh ar líne ag https://onlineservices.artscouncil.ie agus déan nóta de d'uimhir ARN (uimhir thagartha ealaíne) agus do phasfhocal.<br>2. Roghnaigh an cineál cuí maoinithe.<br>3. Lean na leideanna agus líon isteach na réimsí riachtanacha.<br>4. Íoslódáil an fhoirm iarratais agus sábháil í ar do ríomhaire.<br>5. Comhlánaigh an fhoirm iarratais agus sábháil í.<br>6. Fill ar an suíomh ar líne, logáil isteach agus téigh go dtí do leathanach baile.<br>7. Brabhsáil chuig d'fhoirm iarratais agus uaslódáil í.<br>8. Brabhsáil chuig d'ábhar tacaíochta agus uaslódáil é.<br>9. Breathnaigh siar ar d'iarratas agus ar an liosta d'ábhar tacaíochta uaslódáilte - ní bheidh tú in ann aon rud a chur leis an iarratas ná é a leasú nuair a bheidh sé curtha isteach agat.<br>10. Brúigh an cnaipe 'cuir isteach' (ní bhfaighimid d'iarratas go dtí go ndéanfaidh tú cliceáil ar 'cuir isteach'). |
| **An fhoirm iarratais a úsáid** | Is doiciméad Word í an fhoirm iarratais a íoslódálann tú ó shuíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne, líonann tú isteach í ar do ríomhaire féin agus ansin uaslódálann tú í arís sula gcuirfidh tú isteach d'iarratas.<br><br>Tá formáidiú speisialta san fhoirm a ligeann don chóras ar líne an fhoirm a bhailíochtú nuair a uaslódáiltear í agus cinntíonn sé nach gcuireann tú isteach foirm nach bhfuil comhlánaithe agat. Le linn duit a bheith ag obair leis an bhformáidiú seo **caithfidh** tú Microsoft Word nó OpenOffice a úsáid agus an treoir ag tús/deireadh na foirme a leanúint.<br><br>Tá treoir céim ar chéim againn maidir leis an bhfoirm a úsáid le OpenOffice agus is féidir í a íoslódáil anseo: http://www.artscouncil.ie/ga/FAQ/online-services.aspx#faq12<br><br>Cuirtear srian ar líon na gcarachtar (litreacha) is féidir a úsáid chun gach ceist a fhreagairt san fhoirm iarratais. Tá an teorainn carachtar luaite ar an bhfoirm iarratais in aice le gach ceist. Tabhair ar aird le do thoil go bhfuil an teorainn socraithe i gcarachtair agus ní i bhfocail (cé go dtugtar teorainn garbh focal ar mhaithe le treoir a thabhairt) agus go n-áirítear spásanna sa teorainn carachtar.<br><br>Féach **Cuid 5** de Threoirlínte na Dámhachtana chun cúnamh a fháil chun ábhar d'fhoirme iarratais a ullmhú. |
| **Ábhar tacaíochta a ullmhú agus a chur isteach** | **Caithfear ábhar tacaíochta a uaslódáil agus a chur isteach go leictreonach ar shuíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne de chuid na Comhairle Ealaíon (cé is moite d'aon eisceachtaí atá liostaithe in áit éigin eile sna treoirlínte seo).** Is féidir leat raon leathan ábhar a uaslódáil lena n-áirítear íomhánna, físeáin agus comhaid fuaime.<br><br>NB Tógann sé i bhfad níos faide ábhar a uaslódáil ná a íoslódáil. Má bhíonn tú ag uaslódáil comhaid mhóra díreach chuig seirbhísí ar líne nó chuig URL eile (féach 'Naisc Ghréasáin'), uaslódáil d'ábhar tamall maith roimh an spriocdháta lena chinntiú gur féidir |

leat d'iarratas a chur isteach in am.

Is é 20MB an teorainn iomlán maidir le gach ábhar a uaslódáiltear chuig an suíomh seirbhísí ar líne.

Glacfar leis na formáidí comhaid seo a leanas:

- comhaid íomhá - .jpg/.gif/.tiff/.png
- comhaid fuaime - .wav/.mp3/.m4a
- comhaid físe - Quicktime/.avi/.mov/.mp4
- téacschomhaid - .rtf/.doc/.docx/.txt
- Comhaid Adobe Reader - .pdf
- scarbhileoga .xls/.xlsx

Ní mór na comhaid ar fad a uaslódáiltear mar ábhar tacaíochta a ainmniú de réir mar is cuí. Ba cheart go gcuirfí in iúl in ainm an chomhaid cad atá sa chomhad nó cad a léiríonn sé. Mar shampla ba chóir go mbeadh sé soiléir ó ainm an chomhaid cibé an CV, nó léirmheas ar shaothar roimhe seo atá sa doiciméad.

Nuair atá ábhar tacaíochta á chur isteach:

- Uaslódáil gach píosa den ábhar tacaíochta as féin, ag roghnú an chineál doiciméid iomchuí;
- Cuir isteach teideal an tsaothair in ainm an chomhaid má tá tú ag cur doiciméadúcháin maidir leis an saothar isteach;
- Cloígh le gach gnás ainmnithe comhaid atá leagtha amach i gCuid 1

**Naisc Ghréasáin**
Féadfaidh tú naisc a chur ar fáil chuig ábhar atá óstáilte ag suíomhanna Gréasáin faoi leith seachas an t-ábhar a uaslódáil díreach chuig na seirbhísí ar líne. Ní dhéanfar measúnú ach ar ábhar atá óstáilte ag **http://www.youtube.com** agus iad sin **amháin.** Ní fhéachfar ar ábhar atá óstáilte ag suíomhanna Gréasáin eile. Chun do nasc (naisc) G(h)réasáin a chur isteach, cóipeáil an (nasc) URL don phíosa ábhair faoi leith m.sh. físeán, rian ceoil is mian leat a fheiceáil i ndoiciméad Word nó a chomhionann agus uaslódáil é mar dhoiciméad tacaíochta 'naisc Ghréasáin'

Mura mian leat ábhar a uaslódálann tú chuig YouTube ar mhaithe le d'iarratas a bheith le feiceáil go poiblí, féadfaidh tú bratach a chur ar d'fhíseán mar cheann 'neamhliostaithe' sna socruithe. Chun tuilleadh eolais a fháil féach http://www.artscouncil.ie/ga/FAQ/online-services.aspx#faq18.

Féach **Cuid 1** de Threoirlínte na Dámhachtana seo chun liosta a fháil den ábhar tacaíochta nach mór duit a uaslódáil le d'iarratas. Féach **Cuid 5** chun cúnamh a fháil chun ábhar na n-ábhar tacaíochta a ullmhú.

**Cur isteach in am**

Nóta: Níl aon spriocdhátaí foirmiúla ann don Dámhachtain Taistil agus Oiliúna. Glactar le hiarratais ar bhonn leanúnach.

**An féidir liom cabhair a fháil le m'iarratas?**

Má tá ceist theicniúil agat faoi shuíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne a úsáid is féidir leat ríomhtheachtaireacht a sheoladh chuig onlineservices@artscouncil.ie.

Tá freagraí ar cheisteanna coitianta maidir leis na seirbhísí ar líne a úsáid ar fáil sa rannóg Ceisteanna Coitianta ar shuíomh Gréasáin na Comhairle Ealaíon http://www.artscouncil.ie/ga/fundInfo/funding_faqs.aspx

Téigh chuig an nasc seo a leanas chun féachaint ar ár dtreoir ar YouTube maidir le hiarratas a dhéanamh: http://www.youtube.com/artscouncildemos

Is féidir leat sruth tacaíochta Twitter na Comhairle Ealaíon maidir le seirbhísí ar líne a leanúint. Faigheann síntiúsóirí faisnéis maidir le spriocdhátaí maoinithe, cinntí agus cabhair le seirbhísí ar líne. Is minic a dhéanann úsáideoirí eile Twitter ár dteachtaireachtaí a chur le Twitter arís. Féach: http://twitter.com/artscouncilhelp

Má theastaíonn cúnamh uait le hábhar d'iarratais féach **Cuid 5 - Cabhair maidir le d'Iarratas.**

Má tá tuilleadh cabhrach **ginearálta** fós uait, is féidir leat dul i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon ag 01 6180200 nó trí ríomhphost ag awards@artscouncil.ie.

Má tá riachtanais speisialta rochtana agat, is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Rochtana ag 01 6180219.

# Cuid 3 - Measúnú agus Próiseáil

| | |
|---|---|
| **Forbhreathnú** | Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarratas a mheas, tugann sí breith orthu agus cuireann sí a breith in iúl do na hiarratasóirí de réir na nósanna imeachta atá leagtha síos. Is é an aidhm atá ann a chinntiú go bhfuil córas cothrom trédhearcach ann maidir le dámhachtainí a bhronnadh. |
| **An próiseas** | Déantar gach iarratas a fhaightear a phróiseáil mar seo a leanas:<br>• déantar an t-iarratas a admháil;<br>• déanann an fhoireann ábhartha de chuid na Comhairle Ealaíon measúnú air;<br>• Seoltar breith na Comhairle Ealaíon chuig an iarratasóir i bhfoirm scríofa. |
| **Critéir chun iarratais a mheasúnú** | Déanfar iarratais a mheasúnú i gcomhthéacs iomaíoch agus cuirtear na hacmhainní atá ar fáil san áireamh. Déantar gach iarratas a mheasúnú de réir na gcritéar seo a leanas:<br>1. Fiúntas ealaíne<br>2. Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana a chomhlíonadh<br>3. Indéantacht<br><br>*1. Fiúntas ealaíne*<br>Dhíreodh measúnú ar an bhfiúntas ealaíne ar an iarratasóir agus orthu siúd a bhfuil baint acu leis an tionscadal agus ar nádúr na gníomhaíochta ealaíon atá beartaithe. Ar na rudaí a d'fhéadfaí a mheas chun é sin a dhéanamh, tá:<br>• caighdeán an smaoinimh agus na gníomhaíochta ealaíon atá beartaithe de réir mar atá léirithe ar an bhfoirm iarratais;<br>• cuntas teiste na foirne ealaíon a bhfuil baint acu leis an tionscadal de réir mar atá léirithe sa CV nó sna CVanna agus san ábhar tacaíochta eile a cuireadh isteach;<br>• acmhainn an iarratasóra, an ealaíontóra nó na n-ealaíontóirí agus an smaoinimh de réir mar atá léirithe san ábhar tacaíochta agus san fhoirm iarratais a cuireadh isteach;<br>• comhthéacs na foirme ealaíne/an chleachtais ealaíon lena mbaineann an ghníomhaíocht atá beartaithe;<br>• an uaillmhian, an úrnuacht agus an inniúlacht atá léirithe sa togra.<br><br>*2. Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana a chomhlíonadh*<br>Dhíreodh measúnú faoin gcritéar seo ar thairbhe agus ar shuntasacht straitéiseach na gníomhaíochta atá beartaithe i leith chuspóirí agus thosaíochtaí sonraithe na dámhachtana.<br><br>*3. Indéantacht*<br>Bhreathnófaí i measúnú indéantachta ar an gcumas a léiríonn an t-iarratasóir chun an ghníomhaíocht atá beartaithe a chomhlíonadh. Chun é seo a dhéanamh d'fhéadfaí breathnú ar na nithe seo a leanas, ach ní orthu sin amháin -<br>• an buiséad atá beartaithe;<br>• foinsí eile ioncaim;<br>• an clár ama nó an sceideal atá beartaithe; |

| | |
|---|---|
| **Frámaí ama** | Déanann an Chomhairle Ealaíon dianiarracht iarratais a mheasúnú chomh tapa agus is féidir. Mar gheall ar líon na n-iarratas áfach, b'fhéidir go dtógfadh sé timpeall sé seachtaine i gcásanna áirithe ón spriocdháta go dtí go ndéanfar an cinneadh. |
| **Cad a tharlóidh má bhronntar dámhachtain ort?** | Cuirfear litir thairisceana chugat ina sonrófar méid an mhaoinithe agus téarmaí agus coinníollacha na dámhachtana. Cuirfear ar an eolas thú freisin faoin bpróiseas trínar chóir duit do dhámhachtain a tharraingt anuas. |
| **Cad a tharlóidh mura mbronntar dámhachtain ort?** | Cuirfear in iúl duit i scríbhinn mura n-éiríonn le d'iarratas. Ar an drochuair, níl aon ghealltanas ann go mbronnfar dámhachtain mar gheall ar incháilitheacht agus ar chomhlíonadh nósanna imeachta iarratais. Mar gheall ar líon mór na n-iarratas, bíonn an t-éileamh ar mhaoiniú i gcónaí níos mó ná na hacmhainní a bhíonn ar fáil. Mura n-éiríonn le d'iarratas, is féidir leat aiseolas a iarraidh ar fhoireann na Comhairle Ealaíon. |
| **Achomhairc agus gearáin** | Má mheasann tú nár cloíodh le nósanna imeachta na Comhairle Ealaíon, breathnaigh ar an Nós Imeachta Achomharc agus Gearán, nó téigh i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon chun cóip a fháil den bhileog faisnéise faoi Achomhairc agus Gearáin. |
| **An féidir liom iarratas a dhéanamh arís?** | Má tá measúnú déanta ar d'iarratas agus murar éirigh leat dámhachtain a fháil, níl tú i dteideal iarratas a dhéanamh arís don ghníomhaíocht chéanna chuig aon dámhachtain eile de chuid na Comhairle Ealaíon. Más dóigh leis an gComhairle Ealaíon go mbeadh an ghníomhaíocht atá beartaithe níos feiliúnaí do chlár dámhachtana eile is féidir eisceacht a dhéanamh. I gcás dá leithéid, cuirfear é sin in iúl duit i scríbhinn. |

# Cuid 4 – Téarmaí agus Coinníollacha

- Trí iarratas a chur isteach, tá iarratasóirí ag deimhniú gur léigh siad agus gur thuig siad an fhaisnéis atá leagtha amach i dTreoirlínte na Dámhachtana seo.

- Ní foláir nó go bhfuil iarratasóirí aonair ina gcónaí i bPoblacht na hÉireann. Tá 'cónaitheacht' bunaithe ar shainmhíniú seo na gCoimisinéirí Ioncaim (ina gciallaíonn Éire Poblacht na hÉireann):

  Measfar thú a bheith i do chónaí in Éirinn, in aon bhliain ar leith, i gceachtar den dá chás seo a leanas:
  - Má chaitheann tú 183 lá nó níos mó in Éirinn i mbliain féilire amháin (1 Eanáir – 31 Nollaig) NÓ
  - Má chaitheann tú 280 lá nó níos mó in Éirinn thar dhá bhliain i ndiaidh a chéile. Sa chás seo measfar tú a bheith i do chónaí in Éirinn sa dara bliain díobh. Le go mbeadh an coinníoll seo infheidhmithe, áfach, caithfidh tú 30 lá ar a laghad a chaitheamh in Éirinn i ngach ceann den dá bhliain chánach.

  Samplaí:
  1. Má chaitheann tú 140 lá i bPoblacht na hÉireann sa chéad bhliain agus 150 lá sa dara bliain, meastar go bhfuil tú i do chónaí anseo sa dara bliain.
  2. Má chaitheann tú 365 lá i bPoblacht na hÉireann sa chéad bhliain agus 10 lá sa dara bliain, meastar nach bhfuil tú i do chónaí in Éirinn sa dara bliain.

  Níl daoine a chónaíonn i dTuaisceart Éireann i dteideal iarratas a dhéanamh ar dheontas murar rugadh i bPoblacht na hÉireann iad.

- Measfar d'iarratas a bheith neamhbhailí agus seolfar ar ais chugat é sna cásanna seo a leanas:

  - Fuarthas d'iarratas nó d'ábhar tacaíochta go déanach;

  - Chuir tú d'fhoirm iarratais chugainn trí ríomhphost nó ar facs;

  - Níor chomhlánaigh tú an fhoirm iarratais ina hiomláine;

  - Níor chuir tú an t-ábhar tacaíochta ar fad a bhí riachtanach isteach in éineacht le d'iarratas;

  - Chuir tú d'ábhar tacaíochta trí ríomhphost nó ar facs;

  - Níl an ghníomhaíocht nó na costais bheartaithe a bhfuil tú ag déanamh iarratais ina leith oiriúnach do chuspóir nó d'fheidhm na dámhachtana.

- Bronntar dámhachtainí de réir na gcistí atá le fáil. D'fhéadfaí dámhachtainí a choimeád siar nó a roinnt idir iarratasóirí de rogha na Comhairle Ealaíon.

- Is idir an Chomhairle agus an t-iarratasóir féin a bheidh gach comhfhreagras, mura socrófar a mhalairt.

- Déantar aon chúnamh airgeadais a thairiscint ar bhonn na bpleananna atá léirithe san iarratas, agus caithfear aon athruithe ar na pleananna nó ar an mbuiséad a chur in iúl láithreach má théann siad i

bhfeidhm go hábhartha ar an mbonn sin nó mura gcloíonn siad le téarmaí na tairisceana. Forchoimeádann an Chomhairle an ceart a tairiscint a athbhreithniú i gcás dá leithéid.

- Cuirfear coinníollacha na tairisceana agus na céimeanna a chaithfear a ghlacadh d'fhonn maoiniú a tharraingt anuas in iúl d'iarratasóirí rathúla.

- Beidh ar iarratasóirí a gcuid íocaíochtaí agus seoladh isteach an ábhair chuí a bhainistiú ar shuíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne de chuid na Comhairle Ealaíon.

- D'fhéadfaí a iarraidh ar gach iarratasóir rathúil cruthúnas ar a c(h)untas bainc a sholáthar.

- Ní mór d'iarratasóirí a fhaigheann €10,000 nó níos mó a bheith in ann a léiriú go bhfuil deimhniú imréiteach cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim acu in ainm an ealaíontóra ar ar bronnadh an dámhachtain. Is féidir deimhnithe imréitigh cánach a iarraidh ar líne ag www.revenue.ie. Ní gá deimhniú imréiteach cánach a chur isteach le d'iarratas. Má éiríonn le d'iarratas, áfach, beidh sé riachtanach na sonraí ábhartha a sholáthar chun íocaíocht a fháil.

- Íocfar iarratasóirí rathúla trí aistriú bainc amháin. Ní eisíonn an Chomhairle Ealaíon seiceanna.

- Ní íocfar dámhachtainí ach isteach i gcuntas bainc in ainm an ealaíontóra ar ar bronnadh an dámhachtain.

- Caithfidh iarratasóirí a n-éiríonn leo tuairisciú ar úsáid a ndámhachtana agus admhálacha a sholáthar, de réir mar is cuí. Cuirfear foirm thuairiscithe ar fáil chun na críche sin. Ní mór an fhoirm thuairiscithe a sheoladh isteach in éineacht le d'iarratas chun an tráthchuid dheireanach de do mhaoiniú a fháil. Is eisceachtaí iad Dámhachtainí Oiliúna agus Taistil faoi bhun €1,500 agus féadtar iad a íoc ina n-iomláine roimh chur isteach na tuairisce deiridh.

- Ní mór d'iarratasóirí a n-éiríonn leo aon mhaoiniú a dhámhtar a tharraingt anuas agus a chaitheamh laistigh de bhliain amháin ón uair a thugtar fógra dóibh faoin dámhachtain.

- Caithfidh iarratasóirí rathúla tacaíocht na Comhairle Ealaíon a admháil i ngach ábhar poiblíochta a bhaineann lena saothar. Tá na sonraí leagtha amach sa doiciméad *Riachtanais chun Cistiú ón gComhairle Ealaíon a Admháil* atá ar fáil ar rannóg na bhfoilseachán de shuíomh Gréasáin na Comhairle Ealaíon.

- Ní mór d'iarratasóirí a sholáthraíonn cláir do leanaí agus do dhaoine óga a léiriú go bhfuil beartais agus nósanna imeachta imleora maidir le cosaint agus leas leanaí i bhfeidhm acu. Má bhaineann d'iarratas ar mhaoiniú le hobair le leanaí agus le daoine óga ní mór duit cóip de do bheartas agus do chuid nósanna imeachta maidir le cosaint leanaí a sholáthar le do dhoiciméadúchán tacaíochta. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach na Treoirlínte um Chosaint agus Leas Leanaí agus Daoine Óga in Earnáil na nEalaíon, atá ar fáil ar iarratas ón gComhairle Ealaíon nó ar www.artscouncil.ie.

- Ní mór d'iarratasóirí a bhfuil ainmhithe beo á n-úsáid ina gcuid gníomhaíochtaí fianaise a chur isteach go bhfuiltear ag cloí le Creatlach um Leas Ainmnithe na Comhairle Ealaíon atá ar fáil ar rannóg na bhfoilseachán de shuíomh Gréasáin na Comhairle Ealaíon.

- Féadfar go ndéanfar dámhachtainí a thairiscint lena ngabhann sainchoinníollacha breise.

- Ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an fhaisnéis a thugtar don Chomhairle Ealaíon a nochtadh de thoradh ar iarratas a dhéanfaí faoi bhun na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003. Coinnítear an fhaisnéis a thugtar ar Chóras Faisnéis Bhainistíochta na Comhairle. Déanfar gach iarracht rúndacht cliant a chosaint.

- Foilsíonn an Chomhairle Ealaíon ainmneacha na n-iarratasóirí rathúla mar aon le hachoimre ghearr ar shonraí na dámhachtana.